Réamhrá

Ollrith náisiúnta timpeall na hÉireann is ea Rith 2012. Iomprófar an baitín sealaíochta ó Ghaoth Dobhair go hInis Mór, trí Bhéal Feirste, Mhuineachán, Bhaile Átha Cliath, Chill Dara, Luimneach, Ghaillimh agus áiteanna eile nach iad. Mar sin, trí phlé a dhéanamh ar an bhféile go ginearálta agus ar an gcúrsa go háirithe, tá go leor deiseanna do dhaltaí eolas a fhorbairt **ar an gceantar áitiúil** agus tús a chur le heolas a chur **ar dhaoine agus ar phobail in áiteanna eile** in Éirinn. Cabhróidh na gníomhaíochtaí faoi logainmneacha le daltaí **eolas a chur ar an imshaol nádúrtha** thart timpeall orthu, agus tá moltaí san aonad freisin a thacóidh leo **scileanna grafacha, léarscáile agus imscrúduithe** a fhorbairt. Ag deireadh an aonaid beidh na páistí in ann cur isteach ar chomórtas ealaíne chun duaiseanna aonair agus duais ranga a bhuachan

Cuspóirí

- Go gcuirfeadh na páistí eolas ar a gceantar féin, ó thaobh imshaoil dhaonna agus nádúrtha de.
- Go dtosódh na páistí ar eolas a fháil ar phobail agus ar cheantair in áiteanna eile in Éirinn.
- Go bhforbródh na páistí scileanna grafacha agus léarscáile in oiriúint dá n-aois féin.
- Go mbeadh na páistí in ann treoracha simplí a thabhairt agus a leanúint.
- Go n-aithneodh na páistí léarscáil na hÉireann, go mbeadh siad in a mbaile/gcontae féin a aimsiú ar an léarscáil, agus roinnt áiteanna eile.
- Go dtuigfeadh na páistí cad is bunús le cuid de na logainmneacha atá sa cheantar.

Acmhainní

- Pacáiste Rith 2012
  - Bileoga na ndaltaí > Aonad 2 > Uimh. 1 – 5
  - Póstaer: Cúrsa Rith 2012
  - Físeán: Amhrán Rith 2010
  - Taispeántais PowerPoint: Grianghraif Rith 2010, Rith 2012 - Timpeall na Tíre, Logainmneacha Coitianta
- Léarscáil na hÉireann
- Grianghraif/pictiúir de radharcanna cáiliúla in áiteanna éagsúla in Éirinn.
- Ábhar chun póstaeir a dhearadh: cairtpháipéar, páipéar daite, taos, siosúir, grianghraif, srl

Cur chuige: roinnt moltaí

Spreagadh spéise

- Seinn an **físeán d'amhrán Rith 2010**, nó taispeáin na **Grianghraif Rith 2010**. Cuir ceisteanna chun na háiteanna/amanna éagsúla ina raibh na daoine ag rith a éileamh. M.sh. *Bhí daoine ag rith sa bhaile mór, ar scoil, sa pháirc, ar an mbóthar, san oíche, i rith an lae, cois locha, srl.*
- *Ar mhaith leis na páistí sa rang dul ag rith mar sin? Cá háit?* I gcás páistí óga nach bhfuil in ann freagra ó bhéal a thabhairt as Gaeilge, is féidir leo gníomh a dhéanamh chun an pictiúr/an radharc is fearr leo sa seó/san fhíseán a léiriú.

- Taispeáin an **Póstaer - Cúrsa Rith 2012** (cóip chrua sa phaca, nó mar PDF). Mínigh go mbeidh daoine ag dul ag rith arís, agus tabhair roinnt fíric – beidh 50,000 duine ag rith, rithfidh siad 1,000 km, beidh siad ag rith ar feadh 10 lá.

Éire – Imshaol dhaonna agus nádúrtha; Forbairt scileanna léarscáile agus grafacha

- *Cá mbeidh na daoine ag rith?* Iarr ar na páistí an bealach a leanúint ar an bpóstaer, agus ansin tabhairt faoi *Ceangail na Poncanna* ar **Bhileog Oibre 1** chun an cúrsa a thaispeáint, nó an bóthar ceart a dhathú ar **Bhileog Oibre 2**.
- Iarr ar na páistí a mbaile/gcontae féin a aimsiú ar léarscáil na hÉireann agus a mharcáil ar an bpóstaer.
- Ainmnigh cuid de na háiteanna ar an gcúrsa agus cuir ceist an raibh páistí sa rang riamh iontu? Cad a chonaic siad? M.sh. *An raibh tú i mBaile Átha Cliath riamh? An bhfaca tú an Spíce? Lámha suas aon duine a bhí i nGaillimh. Cad a chonaic sibh?* Taispeáin pictiúr de radharcanna cáiliúla in áiteanna éagsúla in Éirinn. Má tá grianghraif ag páistí sa bhaile is féidir leo iad a thabhairt isteach, nó tá roinnt pictiúr sa taispeántas **PowerPoint - Timpeall na Tíre**. Pléigh na pictiúir leis na páistí. *M.sh. Cá bhfuil an Earagail? Cén áit ina bhfuil Ardeaglais Phádraig*?
- Imir cluiche *Cá raibh mé.* Tabhair nod agus caithfidh na páistí an áit a thomhas. Is féidir tomhas a dhéanamh tar éis gach noda. M.sh. *1. Chonaic mé an Life. 2. Chonaic mé stáisiún traenach. 3. Chonaic mé an zú >> Baile Átha Cliath*. De réir a chéile is féidir le páistí nodanna a thabhairt dá chéile agus imirt i ngrúpaí.
- Iarr ar na páistí pictiúir a tharraingt ar an léarscáil ar **Bhileog Oibre 3** chun cuid de na radharcanna a bheidh le feiceáil ar an gcúrsa a léiriú.
- Cleacht na treoracha *cas ar chlé*, *cas ar dheis* agus *téigh díreach ar aghaidh* leis na páistí – sa chlós nó sa halla, más féidir. Ansin cleacht na treoracha sa seomra ranga – páistí ag tabhairt treoracha éagsúla dá chéile chun áiteanna/pointí faoi leith a shroicheadh. Cuir **Bileog Oibre 4** ar taispeáint ar an gclár bán agus déan tuilleadh cleachtaidh ar na treoracha. Ag brath ar a gcumas, is féidir cóip a thabhairt do gach páiste agus cleachtadh i mbeirteanna.
- Pléigh na radharcanna agus na háiteanna atá le feiceáil sa cheantar áitiúil. *Dá mbeadh Rith ag teacht ann cad a fheicfeadh na daoine? Cá mbeidís ag rith?* Iarr ar na páistí léarscáil (nó pictiúr) a tharraingt chun cúrsa a phleanáil – **Bileog Oibre 5**.

Logainmneacha: eolas a chur ar mo cheantar féin

- Cuir ceist ar na páistí cén seoladh atá ag an scoil? Cén tsráid/bhaile fearann ina bhfuil sí? Cén fáth a bhfuil an t-ainm sin air? Faigh amach an bhfuil logainmneacha eile ar eolas acu.
- Taispeáin pictiúir chun roinnt de na logainmneacha is coitianta a léiriú. Tá a lán logainm sa taispeántas **Powerpoint – Logainmneacha**, ba chóir do mhúinteoirí ranganna naíonán - rang a dó cúpla ceann atá oiriúnach a roghnú agus díriú isteach orthu. Cuir ceist ar na páistí ar chuala siad ainm ina raibh na focail sin riamh? An bhfuil aon chuid acu sa cheantar?

- Pléigh tíreolaíocht an cheantair áitiúil - na gnéithe daonna agus nádúrtha de. *Cad atá timpeall na scoile? Cad atá sa bhaile? An bhfuil loch ann? An bhfuil páirc ann? An bhfuil siopa ann?* Déan liosta de na rudaí ar fad atá le feiceáil sa cheantar áitiúil.
- Roinn an rang ina ngrúpaí, agus iarr orthu póstaer a dhéanamh mar gheall ar an gceantar áitiúil. I ranganna naíonán, d'fhéadfadh gach páiste sa ghrúpa pictiúr a tharraingt de rud éigin sa cheantar agus d'fhéadfadh an múinteoir lipéid a chur ar na pictiúir dóibh. I ranganna a haon agus a dó beidh páistí áirithe in ann teideal agus lipéid a scríobh dóibh féin, agus abairtí gearra a scríobh bunaithe ar theimpléad, m.sh. *Tá ….. i Luimneach. Tá ….. in aice le mo scoil, srl.* Mar sin is féidir freastal ar éagsúlacht chumais sna grúpaí go léir.

Dúshlán breise: Cuir isteach ar chomórtas Rith

- Comórtas ealaíne: iarr ar na páistí pictiúr de Mo bhaile/Mo cheantar a tharraingt agus lipéad a chur leis. Tuilleadh eolais i rannóg na gcomórtas: www.rith.ie/comortais.

Tuilleadh eolais agus acmhainní

www.rith.ie Léarscáil den chúrsa	Tá léarscáil mhionsonraithe (Google Maps) de chúrsa Rith 2012 ar fáil ar an suíomh gréasáin, agus liosta de na ciliméadair go léir atá ar fáil. Má tá Rith 2012 ag teacht go dtí ceantar na scoile d'fhéadfaí mionstaidéar a dhéanamh ar an gcuid sin den chúrsa ar Google Maps, agus féachaint an aithníonn na páistí na háiteanna éagsúla, an aontaíonn siad leis an mbealach atá beartaithe nó an bhfuil moladh éagsúil acu?
www.logainm.ie Eolas faoi Logainmneacha	Seo bunachar sonraí (database) de Logainmneacha na hÉireann cruthaithe ag FIONTAR (DCU) i gcomhar leis an mBrainse Logainmneacha. Is féidir an suíomh a úsáid chun an leagan ceart Gaeilge nó Béarla de logainm a dhearbhú. Tá acmhainní oideachais ar fáil le híoslódáil, dírithe go príomha ar na ranganna sinsearacha sa bhunscoil, ach tá go leor eolais úsáideach ann don mhúinteoir féin chomh maith.
Léarscáileanna	Léarscáil na hÉireann i nGaeilge ar fáil ó COGG, www.cogg.ie. Póstaer le Contaetha na hÉireann ar fáil ó Ghlór na nGael ar www.udar.ie.